



An Bhruiséil, 9 Feabhra 2022  
(OR. en)

6083/22

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2022/0025(NLE)**

---

**FDI 1**

**TOGRA**

|                           |                                                                                                                                                                                    |
|---------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:                        | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir                                                                                                      |
| dáta a fuarthas:          | 9 Feabhra 2022                                                                                                                                                                     |
| chuig:                    | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh                                                                                                                  |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 38 final                                                                                                                                                                 |
| Ábhar:                    | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Lárionad Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochta a Shocrú (ICSID) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 38 final.

Faoi iamh: COM(2022) 38 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 9.2.2022  
COM(2022) 38 final

2022/0025 (NLE)

Togra le haghaidh

### **CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Lárionad  
Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochta a Shocrú (ICSID)**

## **MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

### **1. ÁBHAR AN TOGRA**

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhairle Riaracháin an Lárionaid Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochta a Shocrú (ICSID) i dtaca leis na rialacha leasaithe ICSID<sup>1</sup> a mheastar a ghlacfar. Beidh éifeachtaí dlíthiúla ag an nglacadh ar chleachtas conartha an Aontais Eorpaigh i réimse réiteach díospóide infheistíochta.

### **2. COMHTHÉACS AN MHOLTA**

#### **2.1. Leas sonrach an Aontais Eorpaigh in ICSID**

Faoi láthair, is stáit chonarthacha ICSID iad 155 Stát, ar Ballstáit den Aontas iad 26 díobh. Ní ball de ICSID féin é an tAontas Eorpach. Mar sin féin, tá Rialacha Eadrána ICSID agus na Rialacha Eadrána maidir le Saoráid Bhreise ionchorpraithe san Aontas Eorpach i ngach ceann dá chomhaontuithe trádála agus infheistíochta lena n-áirítear rialacha maidir le hinfeistíocht a chosaint<sup>2</sup>. De bhun comhaontuithe den sórt sin, is féidir feidhm a bheith ag rialacha ICSID i ndíospóidí infheistíochta arna dtionscnamh ag infheisteoirí de chuid an Aontais in aghaidh tríú tíortha, ag infheisteoirí infheisteoirí nach as na Ballstáit iad in aghaidh Bhallstáit an Aontais nó, tar éis na leasuithe atá beartaithe, i ndíospóidí a thugtar i gcoinne an Aontais faoi na Rialacha Eadrána Breise ICSID. Dá bhrí sin, tá leas ar leith ag an Aontas in athchóiriú rialacha ICSID.

#### **2.2. ICSID**

Is institiúid é ICSID ar cuid de Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda í. Is institiúid neamhspleách dípholaitithe réitithe díospóidí í. Is iad seo a leanas cuspóirí ICSID:

- (a) sásra um réiteach díospóide a sholáthar le haghaidh díospóidí idir infheisteoir agus Stát trí chomhréiteach, eadráin nó aimsiú fíoras,
- (b) na díospóidí seo a riaradh, agus
- (c) infheistíocht idirnáisiúnta a chur chun cinn trí mhuinín a chur ar fáil sa phróiseas réitithe díospóide.

Tá sásra réitigh díospóidí ICSID ar fáil do dhíospóidí idir infheisteoirí agus Stáit agus do dhíospóidí Stáit faoi chonarthaí infheistíochta agus comhaontuithe trádála, faoi dhlíthe infheistíochta intíre agus de bhun conarthaí infheistíochta arna dtabhairt i gcrích idir Stáit agus infheisteoirí coigríche. Feidhmíonn ICSID mar chlár riaracháin freisin.

#### **2.3. Gníomhartha beartaithe ICSID**

Chuir Rúnaíocht ICSID tús le próiseas comhairliúcháin maidir le hathchóiriú Rialacha an Lárionaid in 2018. Le linn na mblianta 2018-2021, bhí dianphlé ann idir an Rúnaíocht agus

---

<sup>1</sup> I.e., Rialacháin Riaracháin agus Airgeadais ICSID, Rialacha na hInstitiúide, Rialacha Eadrána, Rialacha Idir-réitigh, Rialacha Saoráide Breise, Rialacháin Riaracháin agus Airgeadais Saoráide Bhreise, Rialacha Eadrána Saoráide Breise, Rialacha Comhréitigh Saoráide Breise, Rialacha Aimsithe Fíoras, Rialacháin Riaracháin agus Airgeadais Aimsithe Fíoras, Rialacha Idirghabhála, Rialacháin Riaracháin agus Airgeadais Idirghabhála.

<sup>2</sup> Féach Airteagal 8.23(2) den Chomhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála idir an tAontas Eorpach agus Ceanada, Airteagal 3.33(2) den Chomhaontú Cosanta Infheistíochta idir an tAontas agus Vítneam agus Airteagal 3.6(1) den Chomhaontú Cosanta Infheistíochta idir an tAontas agus Singeapór. In Airteagal 26 den Chonradh um Chairt Fuinnimh, a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann, ceadaítear freisin rialacha ICSID a chur i bhfeidhm.

Ballstáit ICSID bunaithe ar chúig dhréacht leantacha de rialacha athbhreithnithe. Ghlac an tAontas Eorpach, arna ionadú ag an gCoimisiún Eorpach, páirt ghníomhach sa phróiseas comhairliúcháin, rinne sé seasaimh Bhallstáit an Aontais a chomhordú agus chuir sé barúlacha i scríbhinn faoi na dréacht-téacsanna isteach arís agus arís eile thar ceann an Aontais agus a chuid Ballstát. Mar thoradh ar an bpróiseas sin, déanfar na leasuithe seo a leanas agus na téacsanna nua seo a leanas, a mbeidh éifeacht dhlíthiúil acu ar chleachtas conartha an Aontais Eorpaigh, a chur chun vóta ón gComhairle Riaracháin trí nós imeachta i scríbhinn atá sceidealaithe le críochnú an 21 Márta 2022:

#### 2.3.1. Leasuithe ar Imeachtaí Choinbhinsiún ICSID

Áirítear leis na leasuithe leasuithe ar Rialacháin Riaracháin agus Airgeadais ICSID, ar Rialacha Institiúide ICSID, ar na Rialacha Eadrána ICSID agus ar na Rialacha Idir-réitigh ICSID.

I measc na bpríomhathruithe substainteacha tá ceanglas nua go n-áireofaí cur síos ar úinéireacht agus rialú na hinfheistíochta laistigh den iarraidh ar eadráin nó ar chomhréiteach, oibleagáid maidir le maoiniú tríú páirtí a nochtadh, rialacha feabhsaithe maidir le dícháiliú eadránaithe, costais na n-imeachtaí, dífhostú luath éileamh gan bhunús, dífhostú imeachtaí, chomh maith le hamlínthe athbhreithnithe. Le foráil nua, tugtar aghaidh go sainráite ar iarrataí ar shlándáil i leith costas. Feabhsaíodh trédhearcacht imeachtaí a mhéid is féidir gan leasú ar Choinbhinsiún ICSID a éileamh. Moltar freisin sraith nua rialacha maidir le himeachtaí eadrána brostaithe.

#### 2.3.2. Leasuithe ar Imeachtaí Saoráide Breise

Áirítear leis na leasuithe athruithe ar Rialacha Saoráide Breise ICSID, ar Rialacháin Riaracháin agus Airgeadais Saoráide Bhreise ICSID, ar Rialacha Eadrána Saoráide Breise ICSID agus ar Rialacha Idir-réitigh na Saoráide Breise ICSID.

Déantar raon feidhme féideartha na Rialacha Saoráide Breise a leathnú chuig díospóidí infheistíochta nach Páirtithe Conarthacha ICSID iad an freagróir ná Stát an éilitheora, chomh maith le díospóidí a bhfuil baint ag Eagraíochtaí Réigiúnacha um Lánpháirtíú Eacnamaíoch leo. Ina theannta sin, léirítear an chuid is mó de na hathruithe a rinneadh ar Rialacha Eadrána agus Idir-réitigh ICSID sna Rialacha athbhreithnithe maidir le Saoráid Bhreise ICSID, ina bhfuil forálacha níos uailmhianaí maidir le trédhearcacht.

#### 2.3.3. Leasuithe ar Imeachtaí Aimsithe Fíoras ICSID

Baineann na hathruithe le Rialacha Aimsithe Fíoras ICSID, chomh maith le Rialacháin Riaracháin agus Airgeadais ICSID. Moltar sraith rialacha neamhspleácha nuashonraithe bailithe fíoras trína bhféadfaidh páirtithe a chuireann isteach ar pháirtithe iarraidh go comhpháirteach ar Choiste aimsithe fíoras a sheoladh imeacht aimsithe fíoras ar leith.

#### 2.3.4. Togra le haghaidh Rialacha Idirghabhála ICSID nua

Moltar sraith nua de Rialacha Idirghabhála ICSID agus Rialacháin ábhartha Riaracháin agus Airgeadais mar fhreagra ar iarratais ó Stáit agus ó infheisteoirí chun níos mó acmhainní idirghabhála a chur ar fáil. Tá raon feidhme leathan ag na rialacha idirghabhála agus, tar éis toiliú a fháil, is féidir feidhm a bheith acu maidir le haon imeachtaí idirghabhála a bhaineann le hinfheistíocht lena mbaineann Stát nó Eagraíocht Réigiúnach um Lánpháirtíocht Eacnamaíoch

### 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Iarrfar ar Chomhairle Riaracháin ICSID vótáil ar na leasuithe sin nuair a thabharfar aghaidh ar chuid de na heasnamh a sainaithníodh sa chóras reatha chun díospóidí idir infheisteoirí agus an stát a réiteach. Ní mór a thabhairt faoi deara, i gcomhthráth leis an bpróiseas athchóirithe ICSID, go bhfuil an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ag féachaint le buanchúirt iltaobhach infheistíochta a chruthú a chuirfeadh sásra buan in ionad an chórais eadrána infheistíochta atá ann faoi láthair. Tá obair ar chruthú cúirte iltaobhacha infheistíochta ar siúl faoi láthair laistigh de Choimisiún na Náisiún Aontaithe ar an Dlí Trádála Idirnáisiúnta (UNCITRAL) agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích í in 2026. I bhfianaise an Aontais Eorpaigh, ní thabharfaidh ach cúirt bhuan infheistíochta aghaidh ar na fadhbanna go léir a eascraíonn as an gcóras reatha eadrána infheistíochta ad hoc. Mar sin féin, go dtí go mbunófar cúirt iltaobhach, leanfaidh an córas eadrána infheistíochta atá ann faoi láthair d'fheidhm a bheith aige agus ba cheart fáilte a chur roimh aon fheabhsuithe ar a rialacha. Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhairle tacú leis na leasuithe atá molta ar Rialacha ICSID.

### 4. BUNÚS DLÍ

#### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

##### 4.1.1. *Prionsabail*

Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE): ‘Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún nó ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, cinneadh lena bhfionrófar cur i bhfeidhm comhaontaithe agus lena mbunófar na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’

Ar an gcéad dul síos, ceanglaítear le hAirteagal 218(9) CFAE comhlacht arna bhunú le comhaontú idirnáisiúnta a bhfuil sé de chumhacht aige rialacha a bhunú nó cinntí a ghlacadh i gcomhthéacs an chomhaontaithe sin. Cuirtear in iúl leis an bhfoclaíocht ‘i gcomhlacht arna bhunú le comhaontú’ go mbaineann ‘an fhoráil leis na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs a rannpháirtíochta, trína institiúidí nó, de réir mar a bheidh, trína Bhallstáit ag gníomhú dóibh go comhpháirteach ar mhaithe lena leasanna, i nglacadh na ngníomhartha sin laistigh den chomhlacht idirnáisiúnta lena mbaineann’<sup>3</sup>.

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an tAontas Eorpach ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú<sup>4</sup>. Tá sé ráite ag an gCúirt Bhreithiúnais ‘go dtagann réimse dlí faoi inniúlacht an Aontais Eorpaigh [...] toisc nár ghlac an tAontas Eorpach páirt sa chomhaontú idirnáisiúnta atá i gceist, ní chuireann sé sin cosc air an inniúlacht sin a fheidhmiú trí sheasamh a bhunú, trína institiúidí, a bheidh le glacadh thar a cheann sa chomhlacht arna bhunú leis an gcomhaontú sin, go háirithe trí na Ballstáit atá ina bpáirtithe sa chomhaontú sin agus iad ag gníomhú go comhpháirteach ar mhaithe leis.’<sup>5</sup>

<sup>3</sup> Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2015, an Chomhairle v an Coimisiún, C-73/14, ECLI:EU:C:2015:663, mír 63.

<sup>4</sup> Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64

<sup>5</sup> Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 52

#### 4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Comhlíonann na gníomhartha atá beartaithe ag leasú na rialacha ICSID na prionsabail sin.

Ar an gcéad dul síos, is comhlacht arna bhunú le comhaontú í Comhairle Riaracháin ICSID, comhlacht a dhéanann vótáil ar na leasuithe, i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE. Léiríonn Airteagal 7 de Choinbhinsiún ICSID agus Rialachán 7 de Rialacháin Riaracháin agus Airgeadais ICISD ról na Comhairle Riaracháin, inter alia, chun rialacha ICSID a leasú. Tá an chumhacht ag an gComhairle Riaracháin rialacha a bhunú nó cinntí a ghlacadh i gcomhthéacs chomhaontuithe ICSID. Níl an Chomhairle Riaracháin ag gníomhú go neamhspleách ar na páirtithe ach trína Stáit Chonarhacha (féach Airteagal 4(1) den Choinbhinsiún ICSID).

Ar an dara dul síos, is ‘*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla*’ iad na gníomhartha atá beartaithe, i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE. Tá an sásra um réiteach díospóidí ICSID infheidhme maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta cosanta infheistíochta an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát<sup>6</sup>. Go háirithe, tar éis na leasuithe a ghlacadh, d’fhéadfadh go mbeadh na Rialacha maidir le Saoráid Bhreise ICSID infheidhme i ndíospóidí a thionscnófar i gcoinne an Aontais Eorpaigh agus ina mbeidh na bearta a ghlacfaidh an tAontas ina n-ábhar díospóide agus ina ngníomhódh an tAontas mar an freagróir. Dá bhrí sin, tá éifeachtaí dlíthiúla ag na leasuithe ar Rialacha ICSID ar fheidhmiú agus ar chur i bhfeidhm comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas agus ar sheoladh imeachtaí dlíthiúla a mbeadh an tAontas ina pháirtí iontu.

Go hachomair, iarrann an Coimisiún ar an gComhairle seasamh an Aontais a ghlacadh maidir leis na gníomhartha atá beartaithe ionas gur féidir leis na Ballstáit ar Páirtithe Conarhacha iad i gCoinbhinsiún ICSID, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasa an Aontais, seasamh an Aontais a chur in iúl laistigh de Chomhairle Riaracháin ICSID. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús substaintiúil dlí

#### 4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. ‘*Cásdlí socair is ea nach mór an bunús dlí do bheart Comhphobail a roghnú ar bhonn gnéithe oibiachtúla a bhféadfaí athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh orthu, cuspóir agus ábhar an bhirt san áireamh go háirithe*’<sup>7</sup>.

#### 4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is é príomhchuspóir na ngníomhartha atá beartaithe na rialacha ICSID atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta agus a leasú, i.e. athchóiriú a dhéanamh ar rialacha socraithe díospóidí infheistíochta a úsáideann an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit i roinnt comhaontuithe de chuid an Aontais.

De bhun Airteagal 207 CFAE, is cuid de chomhbheartas tráchtála an Aontais Eorpaigh an infheistíocht dhíreach choigríche. Le comhaontuithe idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát ina dtagraítear do rialacha ICSID, tugtar cosaint d’infheistíocht dhíreach choigríche

<sup>6</sup> Féach Airteagal 8.23(2) den Chomhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála idir an tAontas Eorpach agus Ceanada, Airteagal 3.33(2) den Chomhaontú Cosanta Infheistíochta idir an tAontas agus Vítneam agus Airteagal 3.6(1) den Chomhaontú Cosanta Infheistíochta idir an tAontas agus Singeapór. In Airteagal 26 den Chonradh um Chairt Fuinnimh, a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann, ceadáítear freisin rialacha ICSID a chur i bhfeidhm.

<sup>7</sup> Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 12 Nollaig 2002, an Coimisiún v an Chomhairle, C-281/01, ECLI:EU:C:2002:761, mír 33.

agus tá siad glactha (nó údaraithe i gcás comhaontuithe infheistíochta ó Bhallstáit an Aontais<sup>8</sup>) ar bhonn Airteagal 207 CFAE. Dar le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tagann an infheistíocht dhíreach choigríche faoi inniúlachtaí eisiacha an Aontais, agus tagann infheistíocht choigríche neamhdhíreach agus réiteach díospóide infheistíochta faoi inniúlacht a roinntear idir an tAontas agus na Ballstáit<sup>9</sup>.

Dá bhrí sin, ba cheart an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE a bheith ina bunús substainteach dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

#### **4.3. Conclúid**

Ba cheart an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí don chinneadh atáthar a bheartú.

### **5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE**

I bhfianaise leas an phobail san athchóiriú ar réiteach díospóidí idir infheisteoir agus stát agus i gcomhréir le tiomantas an Aontais don trédhearcacht, is iomchuí an Cinneadh ón gComhairle a fhoilsiú tar éis an nós imeachta vótála a thabhairt chun críche i gComhairle Riaracháin ICSID an 21 Márta 2022.

---

<sup>8</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1219/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 lena mbunaítear socruithe idirthréimhseacha le haghaidh comhaontuithe déthaobhacha infheistíochta idir na Ballstáit agus tríú tíortha

<sup>9</sup> Tuairim 2/15 ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2017, ECLI:EU:C:2017:376, mír 293.

Togra le haghaidh

## **CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Lárionad  
Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochta a Shocrú (ICSID)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe don chéad fhomhír d’Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Vótálfaidh Comhairle Riaracháin ICSID ar leasuithe ar rialacha ICSID, a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla acu chun críocha Airteagal 218(9) CFAE trí nós imeachta i scríbhinn atá le cur i gcrích an 21 Márta 2022.
- (2) Ní ball de ICSID é an tAontas Eorpach. Mar sin féin, rinne an tAontas rialacha ICSID a ionchorprú go leanúnach de réir tagairtí ina chomhaontuithe trádála agus infheistíochta ina ndéantar foráil maidir le cosaint infheistíochta agus réiteach díospóide infheistíochta.
- (3) I dTuairim 2/15 ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2017<sup>10</sup>, shoiléirigh an Chúirt go dtagann an infheistíocht dhíreach choigríche faoi réim inniúlachtaí eisiacha an Aontais agus go bhfuil inniúlacht ar dhíospóid infheistíochta neamhdhíreach eachtrach roinnte idir an tAontas agus a Bhallstáit.
- (4) Trí na rialacha maidir le ICSID a athchóiriú, d’fhéadfadh go mbeadh na Rialacha maidir le Saoráid Bhreise ICSID infheidhme maidir le díospóidí a thionscnaítear i gcoinne Eagraíochtaí Réigiúnacha um Lánpháirtiú Eacnamaíoch amhail an tAontas Eorpach. Úsáideann an tAontas rialacha ICSID ina chonarthaí freisin agus is féidir le hinfeisteoirí de chuid an Aontais iad sin a úsáid i gcásanna a thugtar i gcoinne tríú tíortha, ag infheisteoirí nach infheisteoirí de chuid an Aontais iad in aghaidh Bhallstáit an Aontais nó in aghaidh an Aontais féin nuair a chomhlíontar ceanglais ábhartha Choinbhinsiún ICSID<sup>11</sup>. Dá bhrí sin, beidh éifeachtaí dlíthiúla ag leasuithe rialacha ICSID ar fheidhmiú agus ar chur i bhfeidhm comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas agus ar sheoladh imeachtaí dlíthiúla a bhféadfaidh an tAontas a bheith ina pháirtí iontu. Tá leas ar leith ag an Aontas, dá bhrí sin, in athchóiriú rialacha ICSID.
- (5) Tá sé cinn is fiche de Bhallstáit an Aontais ina mbaill de ICSID. Féadfaidh na Ballstáit sin a bheith rannpháirteach sa Chomhairle Riaracháin agus vótáil ar na rialacha leasaithe i gcomhthéacs an nós imeachta i scríbhinn.

<sup>10</sup> Tuairim 2/15 ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2017, ECLI:EU:C:2017:376.

<sup>11</sup> Ní féidir é sin a dhéanamh faoi láthair maidir leis an Aontas i bhfianaise nach féidir le hEagraíochtaí Réigiúnacha um Lánpháirtiú Eacnamaíoch a bheith ina mbaill de ICSID, gan leasú a dhéanamh ar Choinbhinsiún ICSID.

- (6) Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais a ghlacadh maidir leis na leasuithe a bheartaítear a dhéanamh ar rialacha ICSID ionas go bhféadfaidh na Ballstáit ar Páirtithe Conarthacha iad i gCoinbhinsiún ICSID, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, seasamh an Aontais a chur in iúl laistigh de Chomhairle Riaracháin ICSID.
- (7) I gcomhthéacs Imeachtaí Choinbhinsiún ICSID, na leasuithe, na Rialacháin Riaracháin agus Airgeadais ICSID, Rialacha Institiúide ICSID, na Rialacha Eadrána ICSID agus na Rialacha Comhréitigh ICSID a thabhairt cothrom le dáta agus a fhorbairt. Mar thoradh ar na leasuithe, inter alia, cuirfear feabhas ar thrédhearcacht na n-imeachtaí, soiléireoidh siad forálacha maidir le dífhostú luath éileamh gan bhunús agus slándáil i leith costas, agus cuirfidh siad na hoibleagáidí maidir le nochtadh le haghaidh cistiú tríú páirtí chun feidhme.
- (8) I gcomhthéacs Imeachtaí Saoráide Breise ICSID, na leasuithe atá beartaithe, Rialacháin Riaracháin agus Airgeadais Shaoráide Bhreise ICSID, Rialacha Eadrána Saoráide Breise ICSID agus Rialacha Comhréitigh Bhreise Saoráide ICSID a fhorbairt. Léireofar an chuid is mó de na leasuithe ar imeachtaí Choinbhinsiún ICSID freisin sna Rialacha maidir le Saoráid Bhreise ICSID. Ina theannta sin, leathnófar raon feidhme Imeachtaí na Saoráide Breise chun go n-áireofar freisin, inter alia, díospóidí lena mbaineann Eagraíochtaí Réigiúnacha um Lánpháirtiú Eacnamaíoch.
- (9) I gcomhthéacs Imeachtaí Aimsithe Fíoras ICSID, déanann na leasuithe atá beartaithe nuashonrú agus forbairt ar Rialacha Aimsithe Fíoras ICSID neamhspleácha agus ar Rialacháin Riaracháin agus Airgeadais ICSID a aimsiú.
- (10) I gcomhthéacs idirghabháil ICSID, bunaítear leis an togra le haghaidh athchóiriú sraith nua Rialacha Idirghabhála ICSID agus Rialacháin Riaracháin agus Airgeadais Idirghabhála ICSID.
- (11) Tá ról ceannasach glactha ag an gCoimisiún, in éineacht le rialtais na mBallstát ar Páirtithe Conarthacha iad i gCoinbhinsiún ICSID, i gcaibidlíocht na rialacha nuashonraithe bunaithe ar sheasaimh chomhaontaithe an Aontais. Tugtar aghaidh sna leasuithe ar na hábhair inní atá ann faoi láthair a cuireadh in iúl maidir leis an gcóras atá ann cheana maidir le Réiteach Díospóidí Infheisteoirí agus Stáit agus cuirtear feabhas suntasach ar Rialacha agus Rialacháin ICSID.
- (12) Tá an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais de bhun an Chinnidh seo gan dochar don Aontas agus do phríomhchuspóir a Bhallstát bunú cúirt bhuan iltaobhach infheistíochta a chuirfeadh buansásra in ionad an chórais eadrána infheistíochta atá ann faoi láthair,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, léireoidh na Ballstáit ar Páirtithe Conarthacha iad i gCoinbhinsiún ICSID go nglacann siad leis na leasuithe ar rialacha ICSID le linn na nósanna imeachta vótála i scríbhinn a thionscain Cathaoirleach Chomhairle Riaracháin ICSID an 20 Eanáir 2022.

#### *Airteagal 2*

Foilseofar an Cinneadh seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh tar éis an nós imeachta vótála a chríochnú i gComhairle Riaracháin ICSID.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo ar na Ballstáit ar Páirtithe Conarthacha iad i gCoinbhinsiún ICSID.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán*